Buntáiste Breise na Gaeilge!

Bóthar na Trá, Gaillimh

Seimineár Eolais
do Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Dé hAoine,
26 Feabhra 2010

CLÁR

09.30 Fáiltiú agus Clárú

10.00 MÍR 1: Cur i láthair ó na hAoichainteoirí

10.45 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltaí scoile

11.40 MÍR 2: Cur i láthair ó hInstitiúidí Oideachais Tríú Leibhéal

12:20 Am do na daltaí chun cuairt a thabhairt ar na seastáin

13.00 Críoch

Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áit ar bhain sé Céim Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht amach, chomh maith le Dioplóma sa Ghaeilge, agus Dioplóma i Staidéar an Aistriúcháin. Oibríonn Kevin mar Bhainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.

Colm Ó Coisdealbha

Rugadh agus tógadh Colm Ó Coisdealbha i gConamara. Cháiligh sé ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh le B.Comm agus ina dhiaidh sin bhain sé cáilíocht amach mar chuntasóir cairte. Tá tréimhsí oibre caite aige mar chuntasóir faoi oiliúint le hÚdarás na Gaeltachta, agus mar oifigeach forbartha le Glór na nGael. Tá Colm ina Bhainisteoir Géilliúlachta in Oifigí An Choimisinéara Teanga. Tá ról gníomhach glactha aige ag tacú le heagraíochtaí atá i mbun forbartha pobail.

Eibhlín Ní Chonghaile

Is as Conamara d'Eibhlín Ní Chonghaile agus tá sí ag obair le RTÉ Raidió na Gaeltachta ó 2006. Bhíodh sí ag obair i rannóg na gclár nuachta go dtí seo, ach ó mhí Mheán Fómhair 2009 i leith, is í atá sa chathaoir do chlár irise an iarthair, Iris Aniar. Chaith Eibhlín sealanna ag obair le Sky News Ireland, le Nuacht RTÉ agus le TG4, agus chuir sí an clár cúirtéireachta Eochair an Ghrá i láthair ar TG4.

Gearóidín Ní Ghioballáin

Is as Cathair na Gaillimhe do Ghearóidín ó dhúchas. D'fhreastal sí ar Ghaelscoileanna sa chathair agus lean sí ar aghaidh chun céim sa Ghaeilge a bhaint amach in Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Ina dhiaidh sin rinne sí MSc. i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais i Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá Gearóidín ina Bainisteoir Tograí le Gaillimh le Gaeilge.
Sa ról seo déanann sí stiúradh ar chomórtas Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh, scéim 'Cairde Ghaillimh le Gaeilge' agus 'Gaeilge sa Ghnó' agus cuireann sí seirbhís comhairleoireachta ar fáil do ghnólachtaí maidir le húsáid na Gaeilge sa ghnó.

Cathal Moore

Rugadh agus tógadh Cathal Moore i dTurlach Mór i gContae na Gaillimhe. D'fhreastail sé ar Scoil Naomh Uinseann i gCúl Áirne. Chaith sé cúig bliana i gColáiste Muire i gCathair na Gaillimhe.
Bhain sé céim ealaíne amach in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad i 1996 agus rinne sé an Dioplóma Iarchéime san Oideachas in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 1997. Chaith sé ocht mbliana ag múineadh i Scoil Mhuire i Longfort. Tá sé ina mhúinteoir Gaeilge i gColáiste na Toirbhearta i mBaile Átha an Rí.

Gráinne Ní Chonghaile

Is as Inis Oírr, Oileáin Árann ó dhúchas do Ghráinne. Tá sí ag obair mar Fheidhmeannach Imeachtaí agus Riaracháin le hÁras na nGael i gcathair na Gaillimhe. D'fhág sí an oileán chun leanúint ar aghaidh lena hoideachas dara leibhéal agus d'fhreastal sí ar Scoil Chaitríona, scoil lán-Ghaelach i nGlas Naíon.
Bronnadh céim uirthi ó Choláiste na Tríonóide sa bhliain 2004. Mar Fheidhmeannach Imeachtaí agus Riaracháin i gcraobh na Gaillimhe de Chonradh na Gaeilge bíonn Gráinne an-ghníomhach ag reáchtáil imeachtaí éagsúla i gceantar na Gaillimhe.

Barbara Nic Dhonnacha

Is as Conamara í Barbara, agus fuair sí a cuid oideachas trí Ghaeilge. Bhain sí B.Sc. i Staidéar ar na Meáin amach le DCU, agus fuair sí taithí trí bheith ag obair go deonach leis an stáisiún Raidió na Life. As sin, d'oibrigh sí le Taibhdhearc na Gaillimhe. Faoi láthair cuireann Barbara an clár Ar Éileamh i láthair ar iRadio.

Mír 2: Na hInstitiúidí Oideachais

Ciarán Mac an Bhaird
Fiontar,
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Máire de Búrca
Coláiste San Aingeal, Sligeach

Seosamh Mac Donnacha
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Gaillimh

Kevin Mac Donnacha
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo